

## AN PHAIDIR: Ó MAOLCHONAIRE AGUS Ó HEODHASA<sup>1</sup>

**B**HÍ BEIRT Phroinsiasach, Flaithrí Ó Maolchonaire agus Bonabhentura (Giolla Brighde) Ó hEodhasa, ar an mbeirt údar ba thúisce tar éis an Reifirméisin a sholáthair ábhar spioradálta i nGaeilge do Chaitlicigh na hÉireann agus a chuir ceann ar an gcaoi sin ar obair an Fhrith-Reifirméisin trí mheán na Gaeilge. Dhá aistriúchán a chuir Flaithrí Ó Maolchonaire ar fáil, Teagasc Críostaí beag<sup>2</sup> agus saothar fáthchiallach dar teideal *Desiderius* nó *Sgáthán an chrábhaidh*;<sup>3</sup> bunsaothar Gaeilge a scríobh Bonabhentura Ó hEodhasa arb é atá ann Teagasc Críostaí tathagach a leanann go dlúth de eiseamláir shaothar Pheadair Canisii agus Roibeaird Bellarmini.<sup>4</sup> Tá leaganacha den Phaidir sa dá Theagasc Críostaí sin a bhfuil difríochtaí áirithe eatarthu, ach a thugann fianaise ar leagan a fuair an ceannsmacht i bhfoilseacháin na gCaitliceach sa seachtú is san ochtú céad déag agus atá le fáil i mórán lámhscríbhinní sa tréimhse chéanna agus fiú sa naoú céad déag. Mar go bhfuil saindeacrachtaí ag baint leis an bhfianaise a thugann Teagasc Críostaí Uí Mhaolchonaire ní mór é a phlé ar leith leis féin i dtosach.

### *Ó Maolchonaire*

Sa Spáinnis a cumadh an Teagasc Críostaí beag a d'aistrigh Flaithrí Ó Maolchonaire go Gaeilge sa bhliain 1593.<sup>5</sup> Ní raibh a fhios ag an eagarthóir sa bhliain 1950 cé a chum an buntéacs Spáinnise, ach fuair sé amach ina dhiaidh sin gurb é Jeronimo de Ripalda a chum é agus gur fhoilsigh sé é sa bhliain 1591.<sup>6</sup> Fearacht an tsaothair Spáinnise eile a d'aistrigh Ó Maolchonaire, *El Desseoso*, bhí an-ráchairt ar Theagasc Críostaí de Ripalda,<sup>7</sup> agus ba mhaith an mhaise do Ó Maolchonaire é

<sup>1</sup>Is í seo an trív haiste i sraith d'aistí ar fhocláocht na Paidre atá á bhfoilsíú agam le tamall de bhlianta anuas. Is iad an dá cheann atá foilsithe cheana 'The *Pater noster* in Irish: the pre-Reformation period', *Celtica* 21 (1990) 470–488 agus 'The *Pater noster* in Irish: Reformation texts to c. 1650', *Celtica* 22 (1991) 145–64.

<sup>2</sup>B. Ó Cuív, 'Flaithrí Ó Maolchonaire's Catechism of Christian Doctrine', *Celtica* 1/2 (1950) 161–206.

<sup>3</sup>T. F. O'Rahilly (ed.), *Desiderius* (Baile Átha Cliath 1941, athchló 1975) [vii].

<sup>4</sup>F. Mac Raghnaill O.F.M. (ed.), *An Teagasg Críosaíde* (Baile Átha Cliath 1976) [viii]–ix.

<sup>5</sup>Ó Cuív, 'Flaithrí Ó Maolchonaire's Catechism', 162, Téacs II. 1–3.

<sup>6</sup>Ó Cuív, *ibid.* 161: 'There is no mention [in the Irish text] as to who was the author of the original Spanish'; ach in 'Some versions of the sixth petition of the *Pater Noster*', *Studia Celtica* 14–15 (1979–80) 212–22, deir sé: 'I am now convinced that de Ripalda's Catechism was the work which Conry translated.' (212 n. 7).

<sup>7</sup>Cumadh *El Desseoso* sa Chatalóinis agus foilsíodh dhá eagrán sa teanga sin, an chéad cheann in 1515 agus an dara ceann in 1529; cuireadh Caistílis air go luath ina dhiaidh sin agus foilsíodh mórán eagrán agus leaganacha éagsúla sa teanga sin idir 1533 agus 1588,

gur aithin sé chomh luath sin i ndiaidh a fhoilsithe a fheabhas mar áis teagaisc a bhí saothar beag de Ripalda. Chuir sé cóip (lámhscríofa, is dócha) dá aistriúchán go hÉirinn sa bhliain 1598,<sup>8</sup> ach ar an drochuair ní raibh aon chóras foilsitheoireachta ag Caitlicigh na hÉireann lena leithéid de shaothar Gaeilge a chur i gcló an t-am sin, agus, murab ionann agus an saothar Protastúnach, *Aibidil Gaoidheilge & caiticiosma* (1571) Sheanáin Uí Chearnaigh,<sup>9</sup> abraimís, fágadh gan foilsiú é.<sup>10</sup> Tá fáil air sa lámhscríbhinn RIA 1006 (23 L 19) nach fios cé a scríobh ná cén uair a scríobhadh í, ach a nglactar leis gur dócha gur san seachtú céad déag a scríobhadh í.<sup>11</sup>

Sa lámhscríbhinn seo tá cóip, a scríobh an scríobhaí céanna a scríobh Teagasc Críostaí Uí Mhaolchonaire, de Theagasc Críostaí Bhonabhentura Uí Eodhasa ar foilsíodh an chéad eagrán de in Antuairp in 1611 agus an dara heagrán i Lohháin timpeall 1614/5.<sup>12</sup> Tá cóip de leathanach teidil an chéad eagráin (1611) ar lch. 48 den lámhscríbhinn,<sup>13</sup> agus sílim gurb é an t-eagrán sin a bhí á chóipeáil ag an scríobhaí seo, ach tá corrbhlúire fianaise i dtéacs na lámhscríbhinne a thabharfadh le tuiscint go raibh an dara heagrán in aice láimhe aige freisin. Is féidir, dá bhrí sin, a bheith cinnte nach luaithe ná 1611 an lámhscríbhinn seo, agus tá seans ann nach luaithe ná 1614/5 í. I bhfianaise na cóipe a rinne sé de Theagasc Críostaí Uí Eodhasa is léir gur cóipeálaí d'fílís a bhí sa scríobhaí seo: níor fhéach sé le rud ar bith a leasú, agus, na botúin a rinne sé, cheartaigh sé an chuid is mó acu. Is é mo bharúil, dá bhrí sin, gur féidir glacadh leis gur cóip dh'fílís de théacs Uí Mhaolchonaire atá sa lámhscríbhinn RIA 1006.

Lean Ó Maolchonaire go cruinn den bhuntéacs maidir le hábhar is le leagan amach: tugtar dréacht ráiteasach i dtosach (paidir (an Chré, an

---

agus cuireadh Iodáilis, Francís, Gearmáinis, Laidin, Béarla (chomh maith le Gaeilge) air ina dhiaidh sin: féach S. Ua Súilleabháin, '*Sgáthán an chrábhaidh*: foinsí an aistriúcháin', *Éigse* 24 (1990) 26–36; O'Rahilly (ed.), *Desiderius*, [vii], 357. Foilsíodh líon an-mhór eagrán agus clónna Spáinnise de Theagasc Críostaí de Ripalda, gan trácht ar aistriúcháin: féach L. Resines, *Catecismos de Astete y Ripalda: edicion crítica* (Madrid 1987) 240–243, mar a dtugtar cuntas ar mhórán de na heagrán éagsúla Spáinnise, ina measc ceann a foilsíodh in 1977 agus ceann eile in 1979. Tá mé thar a bheith buíoch de Andrew Breeze as eagrán criticiúil Resines a chur ar mo shúile dom, agus dréachtaí as a chóipeáil dom. Is léir anois go raibh an ceart ag Brian Ó Cuív nuair a dúirt sé gurb é saothar de Ripalda a d'aistrigh Ó Maolchonaire.

<sup>8</sup>Ó Cuív, 'Flaithrí Ó Maolchonaire's Catechism', 162, Téacs II. 6–7.

<sup>9</sup>B. Ó Cuív (ed.), *Aibidil Gaoidheilge & caiticiosma* (Dublin 1994).

<sup>10</sup>D'fhéadfaí a shamhlú gur chaith Ó Maolchonaire an tamall de bhlianta idir 1593 is 1598 ag cuartú slí leis an saothar Gaeilge a chur i gcló sa Spáinn. Foilsíodh *Desiderius* i Lohháin sa bhliain 1616.

<sup>11</sup>E. Fitzpatrick agus K. Mulchrone, *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*, fasc. XXIII (Dublin 1938) 2865; Ó Cuív, 'Flaithrí Ó Maolchonaire's Catechism', 161 n. 1.

<sup>12</sup>Mac Raghnaill (ed.), *An Teagas Críosaíde* (Baile Átha Cliath 1976) [viii], xv.

<sup>13</sup>'... apparently reproducing part of the title-page of the 1611 edition', a deir Fitzpatrick agus Mulchrone, *Catalogue*, 2866, ach is cinnte nach bhfuil aon ghá leis an bhfocal 'apparently'.

Phaidir, an tAibhé, an *Salve Regina*), na deich n-aitheanta, aitheanta na hEaglaise, etc.) agus pléitear ábhar gach dréacht acu siúd ina dhiaidh sin i bhfoirm comhrá idir an máistir agus an deisceabal .i. modh clasaiceach na ceiste agus an fhreagra a bhí Luther, Canisius, agus a leithéidí, tar éis a fhorbairt mar áis teagaisc de bharr aighnis an Reifirméisin agus an Fhrith-Reifirméisin.

Maidir leis an bPaidir, dá réir sin, tugtar faoi dhó í: mar théacs in alt a chéile i dtosach, agus ansin achainí ar achainí agus gach achainí á plé i bhfoirm ceiste agus freagra. Bheadh sé ag teacht le prionsabail mhaithe teagaisc go mbeadh an fhoclaíocht mar a chéile sa dá chás: is é sin le rá gurb é an téacs a tugadh i dtús báire (agus a bheadh curtha de ghlanmheabhair ag an dalta, ba dhóigh leat) a phléifí ina dhiaidh sin. I gcás na bun-Spáinnise is amhlaidh atá, ach amháin i gcás an séú hachainí mar a dtugtar ‘... no nos debes caer en la tentación’ [ná lig dúinn titim sa chathú] i dtéacs na Paidre,<sup>14</sup> ach ‘No nos traigas en tentación’ [ná tabhair isteach sa chathú sinn] sa tráchttaireacht.<sup>15</sup> An dá thuiscint éagsúla ar a bhfuil na haistriúcháin ar an séú hachainí bunaithe, tá siad pléite ag Ó Cuív<sup>16</sup> agus agam féin,<sup>17</sup> agus tá sé léirithe ag Ó Cuív<sup>18</sup> go bhfuil an dá chiall, an ceann gníomhach agus an ceann fulangach, leith ar leith, á gcur amach le fada an lá ag briathra éagsúla i leaganacha den Phaidir i mórán teangacha Eorpacha. Is amhlaidh a bhí i gcás Spáinnis an séú céad déag, ach is deacair a thuiscint cad chuige ar chuir de Ripalda an leagan malairte sa tráchttaireacht, murab amhlaidh go raibh an dá cheann ar bharr a ghoib aige agus go ndearna sé dearmad agus an tráchttaireacht á cumadh aige cé acu den dá cheann a bhí curtha i dtéacs na Paidre cúpla leathanach roimhe sin aige agus nár bhac sé lena sheiceáil. Go deimhin féin is dona mar a réitíonn an briathar sin *traigas* sa dara leagan leis an míniú a thugtar ar an achainí:

P. ¿Qué pedís diciendo: No nos traigas en tentación?

R. Que no nos *permita* darle consentimiento.<sup>19</sup>

Is fearr go mór a réitíonn briathar an chéad leagan *dejes* (*caer*) leis an míniú sin ó tharla gur focail chomhchiallacha iad *dejar* agus *permitir*.

Seo mar atá an Phaidir sa bhunsaothar Spáinnise,<sup>20</sup> más ea:

<sup>14</sup>Resines, *Catecismos*, 279.

<sup>15</sup>*Ibid.* 284. Is i bhfi anaise eagrán leasaithe de Theagasc Críostaí de Ripalda, *Nuevo Ripalda* (Barcelona 1949), mar ar cuireadh an prionsabal teagaisc atá luaite agam i bhfeidhm maidir leis an séú hachainí, a deir Brian Ó Cuív ‘in de Ripalda’s commentary ... *no nos debes caer* is repeated in the question’ (‘Some versions’, 217). I bhfi anaise eagrán deifnídeach Resines is léir nach mar sin a bhí sa bhuntéacs a bhí á aistriú ag Ó Maolchonaire. Tá mé buíoch de Bhrian Ó Cuív i dtaobh cóip den chuid de eagrán 1949 a bhaineann le hábhar a thabhairt dom.

<sup>16</sup>‘Some versions’, 220–221.

<sup>17</sup>‘The *Pater Noster* in Irish: the pre-Reformation period’, 484–5.

<sup>18</sup>‘Some versions’, 215–21.

<sup>19</sup>Resines, *Catechismos*, 284. [‘Cad a iarrann tú nuair a deir tú ... ? Nach ligfeadh sé dúinn géilleadh dó.’] Liomsa an bhéim.

<sup>20</sup>*Ibid.* 278–9, 280–284.

**Téacs**

[1] Padre nuestro que estás en los  
cielos, Santifi cado sea el tu nombre

[2] Venga a nos el tu Reino

[3] Hágase tu voluntad, así en la tierra  
como en el cielo

[4] El pan nuestro de cada día  
dánoslo hoy.

[5] Y perdónanos nuestras deudas  
así como nosotros perdonamos a  
nuestros deudores.

[6] Y no nos dejes caer en la tentación

[7] Mas líbranos de mal. Amén Jesús.

**Tráchtairacht**

[1] Padre ... nuestro ... [que] está[s]  
en los cielos ... Santifi cado sea el tu  
nombre

[2] Venga a nos el tu reino

[3] ¿Cómo se hará su voluntad en la  
tierra como en el cielo?

[4] El pan nuestro de cada día  
dánoslo hoy

[5] ¿De cuáles deudas pedís  
perdón? ... así como nosotros  
las perdonamos a nuestros deudores

[6] No nos traigas en tentación

[7] Mas líbranos de mal

Tá i bhfad Éireann níos mó difríochtaí idir an dá leagan den Phaidir  
san aistriúchán Gaeilge:<sup>21</sup>

[1] Ar nAthairne atá ar nimh,  
naomhtar h'ainm

[2] tigidh do ríoghacht,

[3] bíodh do thoil a dtalmhain do réir  
mur tá ar nemh

[4] Tabhair dúine aníodh ar n-arán  
laoithemhoil

[5] 7 maith dúin ar bhfiacha  
do réir mur mhathmaóidni dár  
bhféithemhnaibh,

[6] 7 ná fuluing ar dtuitim a  
gcaithughadh

[7] acht saór sinn ó ulc. Amen.

[1] Ar nAthuirne ... a bhfiith-  
eamhnus ... bídh h'ainm  
naomhtha

[2] tigidh chugoinde do ríoghacht

[3] Cionnus do bhiadh a thoil a  
dtalmhain mar tá a bhfiithemhnus  
Dé?

[4] tabhair dúinn aníudh ar n-arán  
laothamhail

[5] Crétt iatt na fi acha ina bhfuil tú  
ag iaraidh maithfeachuis? ... mar  
mhaithmaoitne do lucht ar bhfi ach

[6] ná treóraigh sinn a mbuaidhredh

[7] Créd an t-olc ó a n-iarann tú do  
shaoradh?

Tá dhá mhír i leagan na tráchtairachta atá éagsúil ón mbuntéacs  
a bhfuil an chuma orthu gur iarracht atá iontu cloí go dlúth leis an  
mbun-Spáinnis atá mar a chéile sa téacs is sa tráchtairacht aron: [1]  
aistriúchán litriúil ar 'Sanctificado sea el tu nombre' is ea 'bídh h'ainm  
naomhtha' agus [2] freagraíonn 'chugoinde' do 'a nos'. Ciallaíonn sé  
sin, dar liom, go raibh Ó Maolchonaire ag cloí i mbuntéacs na Paidre,  
fág an séú hachainí, le leagan/leaganacha Gaeilge a raibh seantairí  
aige air/orthu. Freagraíonn buntéacs Uí Mhaolchonaire do leagan

<sup>21</sup>Ó Cuív, 'Flaithrí Ó Maolchonaire's Catechism', 171–3. Níor fhéach mé le noda na  
lámhscríbhíne ná na leasuithe ba ghá a dhéanamh a mharcáil anseo; seachas sin is mar  
a chéile an téacs anseo agus téacs Uí Chuív ach amháin san aon phonc amháin, [1] 'Ar  
nAthairne'.

*Liber Flavus Fergusiorum* (LFF) (an cúigiú céad déag)<sup>22</sup> maidir le hachainíocha [1],<sup>23</sup> [2] agus [5] ar fad nach mór,<sup>24</sup> agus maidir le [4] ‘tabhair dúine aníodh ar n-arán’<sup>25</sup> agus [6] ‘ná fuluing’. Maidir le [3], áfach, chloígh sé go dlúth le leagan an Leabhair Bhric (LB): ‘Bid do toil i talmain amal ata in nim’<sup>26</sup> seachas le leagan *Liber Flavus* áit a bhfuil ‘Déantar ...’, agus is é an scéal céanna é maidir le [7], mar a bhfuil ‘saor sinn ó ulc’ ag freagairt do ‘ronsaer ó ... ulc’ an Leabhair Bhric seachas do ‘caomhain sinn ar olc’ *Liber Flavus*.

Níorbh é Ó Maolchonaire ba thúisce a chuir an aidiacht ‘laoithemhoil’ chun fónaimh in áit ‘cech lathi/ cech-lathide’ (LB) agus ‘gach n-aon lá’ (LFF) leis an bhfocal ‘arán’ in achainí [4] a cháiliú: bhí sé ag Seon Carsuel (1567) agus ag Seaán Ó Cearnaigh; ach mar a dúirt mé in aiste eile,<sup>27</sup> ní cheapfainn gur uathu sin a fuair Ó Maolchonaire é,<sup>28</sup> ach gurb amhlaidh a bhí an focal in úsáid i leagan (leaganacha) den Phaidir a bhí ann rompu.

Aistriúchán litriúil amach is amach ar an mbun-Spáinnis is ea an leagan Gaeilge den séú hachainí i dtéacs na Paidre. Mar atá luaite agam anseo romham bhí an príomhbhriathar ‘fuluing’ ar fáil do Ó Maolchonaire i leagan *Liber Flavus* den Phaidir, agus d’úsáid sé féin é

<sup>22</sup>Féach G. Mac Niocail, ‘Gluais na Paidre’, *Éigse* 9 (1958–61) 153–8, ag 153; Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: the pre-Reformation period’, 486.

<sup>23</sup>Is mar a chéile go hiomlán na focail tosaigh ‘Ar nAthairne’ i leagan Uí Mhaolchonaire agus i leagan *Liber Flavus*. Scríosadh amach an iarmhír *-ne*, ach déanaim amach nárbh é an té a scríobh an téacs a rinne amhlaidh, ach an té a rinne leasuithe áirithe eile atá tugtha ar aird ag an eagarthóir. Ní hamháin go bhfuil na leasuithe seo i ndúch atá éagsúil le dúch na bunscríbhíne, mar atá luaite ag an eagarthóir (féach, m.sh., Ó Cuív, 165 n. 4, *croc-* in áit *cs-*; 166 n. 1, *commann* in áit *commain-*), ach ní mar a chéile ach oiread cuid ar a laghad de na litreacha iontu le litreacha na bunscríbhíne (*r* in *croc-* agus *a* foscríofa in *commann*). ‘Ar nAthairne’ atá i dtéacs na tráchtairreachta freisin. Dá bharr sin ar fad is fearr liomsa glacadh leis gurb é an leagan leis an iarmhír a scríobh scríobhaí na bunscríbhíne, agus mar go sliom gur cóipeálaí cúramach ab ea é, is dóigh liom gur mar sin a scríobh Ó Maolchonaire na focail sin freisin. ‘A ar nAthair’ atá ag Ó Maolchonaire mar chéadfocal na Paidre in *Desiderius* (55.1573–4), ach is faoi anáil *Teagasg Críostdaidhe* Uí Eodhasa (féach i mo dhiaidh anseo, lch. 245) é sin, gan amhras.

<sup>24</sup>Is beag de bhrí é *rioghacht* [2] a chur in áit *righe* (LFF) ná *do réir mur* [5] a chur in áit *mar* (LFF).

<sup>25</sup>Fág go bhfuil ord na bhfocal in *Liber Flavus* ag cloí le hord na bhfocal sa bhunleagan Laidine: ‘Ar n-arán ... tabhair dúinn aníugh é’ [‘Panem nostrum ... da nobis hodie’].

<sup>26</sup>Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: the pre-Reformation period’, 478, agus féach 482, 487. Maidir le húsáid na réamhfhocail sa chlásal seo tá sé suntasach gur ‘i dtalmhain’ atá ag LB, LFF agus Ó Maolchonaire (ag freagairt, ní foláir, do *in terra* na Laidine), ach gur ‘ar nimh/nemh’ atá ag LFF agus Ó Maolchonaire (anseo agus in [1]), áit a bhfuil ‘in nim’ (agus ‘i nimib’ in [1]) ag LB ag freagairt do *in caelo/caelis* na Laidine.

<sup>27</sup>‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts to c. 1650’, 151.

<sup>28</sup>Ní hamháin nach móide go mbeadh cóip de leabhair Charsuel is Uí Chearnaigh in aice láimhe ag Ó Maolchonaire, ach ba dhóigh leat go raibh an iomarca gráine aige ar lucht na nEaglaisí leasaithe le go leomhfadh sé úsáid a bhaint as aon saothar dá gcuid. Féach nár leas leis Gaeilge a chur ar na tuairiscí gránna ar Lúitear agus ar Chailbhín a bhí in *Desiderius* (m.sh., 125.3802–126.3820) agus gur chuir sé féin an dréacht fada breise ‘Do dealgoibh na n-eiriceadh’ (113.3415–121.3688) leis an mbuntéacs den saothar céanna (Ua Súilleabháin, ‘*Sgáthán an chrábhaidh*: foinsí’, 35).

go mion minic in áiteanna eile ina Theagasc Críostaí agus in *Desiderius* agus an bhrí chéanna leis atá anseo, ‘suffer, permit’.<sup>29</sup> Maidir le ‘cathughadh’ san achainí chéanna, bhí sé sin ag Seaán Ó Cearnaigh ina *Aibidil Gaoidheilge & caiticiosma*, ach ní cheapfainn gur uaidh siúd a fuair Ó Maolchonaire é, ach oiread le ‘laoithemhoil’ sa chúigiú hachainí. Bhí an focal ar fáil sa chiall ‘temptation’ ar a laghad chomh fada siar le lár an cúigiú céad déag<sup>30</sup> agus úsáideann Ó Maolchonaire féin go minic sa chiall seo é.<sup>31</sup> Glacaim leis go raibh leagan éigin den Phaidir ann a bhfuair Ó Cearnaigh agus Ó Maolchonaire beirt an focal seo uaidh. Níl aon leagan Gaeilge den Phaidir ar eolas agam a sholáthródh eiseamláir don chaint ‘tuitim a (gcathughadh)’, agus ní mór, dar liom, glacadh leis gur d’fhonn ciall na bunSpáinnise (*caer en (la tentación)*) a chur amach a d’úsáid sé í. An chiall fhulangach atá i gceist anseo, bhí sí curtha i bhfriotal Gaeilge ar dhá bhealach éagsúla cheana féin: ‘nírólice i’ sa Leabhar Breac agus ‘ná fulaing dúinn dul i’ in *Liber Flavus*,<sup>32</sup> agus léiríonn leagan Carsuel go raibh an fhoirm Nua-Ghaeilge de leagan an Leabhair Bhric, ‘ná léig a ... sind’,<sup>33</sup> go raibh an leagan sin ar marthain sa dara leath den séú céad déag.<sup>34</sup> Téann díom a thuiscint cad chuige a ndeachaigh Ó Maolchonaire i gcleith leis an maolaistriúchán sa chás seo.

Sa leagan den Phaidir atá sa tráchttaireacht tá roinnt cainteanna nach mar a chéile iad agus na cinn atá sa bhuntéacs, seachas na cinn atá luaithe agam cheana, ach ní shílím go bhfuil aon bhrí le ceann ar bith acu maidir le fianaise a sholáthar ar an leagan den Phaidir ab áil le Flaithrí Ó Maolchonaire a chur á rá. Chuir sé an focal ‘flaitheamhnus’ in áit ‘nemh’ agus achainíoch [1] is [3] á bplé aige. Bhí an focal ‘flaitheamnas’ á úsáid sa chiall ‘(kingdom of) heaven’ chomh fada siar le ré na sean-Ghaeilge (*DIL* s.v. (c)), agus i dTeagasc Críostaí Uí Mhaolchonaire

<sup>29</sup>M.sh., Ó Cuív, ‘Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism’: ‘D[eisciobal]. Iarum nach fuilgedh sé dhúinn ar n-aonta do thabhairt do chathughadh.’ (172.349–50); ‘M[aignistir]. Créd fá bhfuilgenn Dia an cathughadh?’ (189.909); O’Rahilly (ed.), *Desiderius*: ‘... ní amháin don ghaoith láidir fhuilngim-si gabháil toram, ...’ (74.2194–5); ‘A deirid-sion (ar Augustín): Ní fhuiléanga Dia trócaireach, féadfaidhe, do lucht an uilc do dhéanamh drochbhás d’fhagháil. Adeirim-si: Ní fhuileóna, gan chonntabhairt ar bioth, do lucht na deigh-bheathadh drochbhás d’fhagháil.’ (145.4427–31); ‘... ní fhuilngeand an ceangal-sa peacadh ar bioth ... ar ar n-anom, 7 ní mó fhuilngios neamhaire ... ar bioth do bheith aguinn air.’ (8.190–193).

<sup>30</sup>Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 156 agus n. 48.

<sup>31</sup>Ó Cuív, ‘Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism’, 172.350, 189.908–9, 189.911, 189.924, 189.929, 189.933; O’Rahilly (ed.), *Desiderius*, 113.3423, 168.5166, 183.5639, etc. Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 152 n. 32.

<sup>32</sup>Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: the pre-Reformation period’, 478, 482, 486.

<sup>33</sup>Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 147.

<sup>34</sup>Tugann *Tiomna Nuadh* (1602/3) Uilliam Uí Dhomhnaill (Soiscéal Lúcaís) (féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 161) chomh maith le *Teagas Críosaíde* Uí Eodhasa (féach i mo dhiaidh anseo, lch. 245) agus mórán téacsanna Caitliceacha eile fi anaise go raibh sé tar éis an lámh in uachtar a fháil sa seachtú céad déag.

agus in *Desiderius* déanann an dá fhocal ‘flaitheamhnas’ agus ‘neamh’ uainíocht ar a chéile leis an gciall sin a chur amach agus úsáidtear iad mar mhalairt ar a chéile fiú san aon abairt amháin.<sup>35</sup> Ní mar chuid de athfhriotal ar théacs na Paidre a bhreac sé an focal ‘flaitheamhnus’ i gceachtar den dá chás sin, ach i modh tráchteaireachta. Sa chúigiú hachainí chuir sé ‘do lucht ar bhfiach’ in áit ‘dár bhféithemhnaibh’, ach is é is dóichí go ndearna sé amhlaidh go díreach d’fhonn míniú a thabhairt ar fhocal nach mbeadh mórán úsáide á bhaint as sa ghnáthchaint.<sup>36</sup> Maidir leis an leagan den séú hachainí atá sa tráchteaireacht, ‘ná treóraigh sinn a mbuaidhredh’, bíodh go bhfuil sé tugtha amhail gur athfhriotal a bheadh ann, ní hé sin atá ann ar chor ar bith, agus is léir nach bhfuil ann ach iarracht le haistriúchán lom a thabhairt ar an mbunSpáinnis, ‘No nos traigas en tentación’. Mar sin féin, tá sé suimiúil mar leagan. D’úsáid Seaán Ó Cearnaigh an briathar ‘treóraigh’ ina leagan-san den achainí seo agus d’úsáid Seon Carsuel an t-ainmfhocal ‘buaidhredh’ ina leagan siúd,<sup>37</sup> ach ní féidir gur ó cheachtar acu a fuair Ó Maolchonaire a leagan-san, ní amháin ar na cúiseanna atá luaite agam cheana,<sup>38</sup> ach chomh maith toisc nach mar a chéile go hiomlán a leagan-san agus ceachtar den dá cheann eile, mar go bhfuil an briathar ‘léig’ ag Carsuel agus an t-ainmfhocal ‘cathughadh’ ag Ó Cearnaigh. Fágann sin, ba dhóigh liom, go dtugann na trí leagan fianaise ar leaganacha den séú hachainí a bhí ann sa dara leath den séú céad déag ar bhain an triúr údar leas astu.

<sup>35</sup>M. sh.: ‘flaitheamhnas’, *Desiderius*, 1.22, 4.103, 7.184; ‘neamh’, Ó Cuív, *Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism*, 165.100, 165.105, 167.156, 170.257; *Desiderius*, 40.1133, 109.3318, 110.3322, 111.3374; agus féach, *Desiderius* 49.1394–50.1399: ‘7 más mar sin atá, 7 gurab a sligheidh shaothraigh anshocair, lán d’anró, do ghabh ar cceand [Críost] ag dul ar neamh . . . , cionnas budh áil leat sinne do dhul go flaitheamhnas tré shligheidh shóláis 7 aoibhnis?’ Nuair atá an t-ainmfhocal á cháiliú ag an ainmfhocal ‘Dia > Dé’ nó ag an bhforainm sealbhach ag déanamh tagartha do ‘Dia’, is é an focal ‘flaitheamhnas’ (nó ‘flaitheas’) amháin a úsáideann Ó Maolchonaire, ar ndóigh: m. sh., Ó Cuív, *Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism*, 164.70 (‘a fhlaithemhnus’), 174.414 (‘A bhflaitheamhnus Dé’); *Desiderius*, 38.1048 (‘sealbh Fhlaitheas Dé’), 49.1392, (‘flaitheas Dé’), 128.3886 (‘a bhflaitheamhnas Dé’), agus is mar sin atá sa tráchteaireacht ar an tríú hachainí den Phaidir (Ó Cuív, *Flaithrí Ó Maolchonaire’s Catechism*, 172.330).

<sup>36</sup>Is é an focal ‘féchem’ (nó foirm éigin de) atá i ngach leagan den Phaidir dá bhfuil feicthe agam anuas go dtí an cheathrú dheireanach den seachtú céad déag, seachas i Soiscéal Lúcáis sa *Tiomna Nuadh* mar a bhfuil ‘gach aon ar a bhfuil fi acha aguinn’ mar aistriúchán cruinn ar fhriotal Gréigise nach mar a chéile é agus an fhriotal atá i Soiscéal Mhatha ar a bhfuil gnáththéacs na Paidre bunaithe: féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 160–161. Tugtar an achainí seo mar athfhriotal faoi dhó in *Desiderius* (55.1575–6, 140.4262–3) agus í ar aon dul go baileach leis an leagan di atá sa Teagasc Críostaí.

<sup>37</sup>Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 153, 147.

<sup>38</sup>Féach romham lgh. 242–4, agus go háirithe ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 151–2. Is é an leagan i Soiscéal Mhatha (6.13) in *An Tiomna Nuadh*, ‘Agus ná treorúigh do chum buaidheartha sinn’ an leagan is cosúla le leagan Uí Mhaolchonaire.

*Ó hEodhasa*

Sa bhliain 1606, ar iarratas Fhlathrí Uí Mhaolchonaire, chuir Pilib III na Spáinne Coláiste N. Antaine ar bun i Loháin, agus i mí Bhealtaine na bliana 1607 d’oscail Ó Maolchonaire féin an Coláiste. An bhliain chéanna sin, tar éis dó M.A. a bhaint amach in Douai agus dhá bhliain a chaitheamh ina mhac léinn diagachta, ghlac Giolla Brighde Ó hEodhasa aibíd N. Proinsias agus an t-ainm Bonabhentura i gColáiste N. Antaine i Loháin. Dhá bhliain ina dhiaidh sin oirníodh ina shagart in Malines é. Is cosúil go raibh ‘gach ar bhain le leabharlann an choláiste agus le cúrsaí clódóireachta idir lámha aige faoi 7 Feabhra 1611’,<sup>39</sup> agus is sa bhliain chéanna sin a foilsíodh an chéad eagrán de *An Teagasg Críosaíde*. Murab ionann agus Teagasg Críostaí beag Uí Mhaolchonaire, ní téacsleabhar teagaisc i modh ceiste is freagra é seo ach lámhleabhar don chaiticeasmóir. Níl an chuma air go raibh an t-údar ag súil leis go gcuirfeadh daoine an tráchttaireacht ar na pointí teagaisc de ghlanmheabhair: tá go leor de na dréachtaí tráchttaireachta mós fada, agus tugtar suim an teagaisc i bhfoirm dáin faoi thús gach caibidle den tráchttaireacht agus is mar ‘ghluais mínithe’ ar an bhéarsaíocht a sholáthraítear an tráchttaireacht.

Seo é an leagan den Phaidir a bhreac Ó hEodhasa i dtús an dara cuid de *An Teagasg Críosaíde*:

1. A ar nAthair atá ar neamh, naomhtar th’ainm;
2. tigeadh do ríoghdhachd;
3. déntar do thoil ar an talamh mar dho-níthear ar neamh;
4. ar n-arán laitheamhail tabhair dhúinn aníogh,
5. agus maith dhúinn ar bhfiacha mar mhaitimídne dár bhféicheamh-naibh féin,
6. agus ná léig ind a ccathaghadh,
7. achd saor inn ó ulc.

Amen, .i. Bíoth mar sin nó Déntar sin.<sup>40</sup>

Is cuid suntais é a mhéid a réitíonn sé sin le leagan Uí Mhaolchonaire: tá achainíochta 1, 2, 5, 7 mar a chéile ar fad nach mór sa dá leagan. Fós féin tá difríochtaí tábhachtacha idir an dá leagan freisin. In achainí 1 tá frása, ‘A ar nAthair’, nach bhfuil fianaise air in aon leagan roimh leagan seo Uí Eodhasa. Siúd is go raibh a leithéid de struchtúr sách coitianta sa Luath-Ghaeilge, is léir ón tráchttaireacht a chuir Ó hEodhasa leis an gcaint sin gur thuig sé gurb é ‘A Athair’ ba nádúrtha sa Ghaeilge agus ón uair gur tuigeadh fós dó gur ghá *noster* na Laidine a aistriú le ‘ar’, gur mheas sé gur ghá rud éigin a rá chun úsáid mhínádúrtha na haidiachta sealbhaí leis an tuiseal gairmeach a mhíniú:

Tabhair dot aire mar dho ordaigh ar Slánaightheóir dhúinn  
‘A ar nAthair’ do rádh tar a rádh ‘A Athair’, ionnas go

<sup>39</sup>Mac Raghnaill (ed.), *An Teagasg Críosaíde*, x.

<sup>40</sup>*Ibid.* 35.1084–92.



ttuigmís gurab bráithre dá chéile sinn uile, ... ór as clann éanathar inn.<sup>41</sup>

Mar sin féin, níor fhág an míniú sin gur chaith sé droim láimhe a thabhairt leis an leagan ‘Ar nAthairne’ a bhí in *Liber Flavus*, agus a bhí ag Carsuel, Ó Maolchonaire, &rl., agus an mhír ghairmeach a chur chun fónaimh in éineacht leis an aidiacht shealbhach. Shíl eagarthóirí *DIL* gurbh fhéidir gurb é anáil an Bhéarla ba shiocair leis an gcineál sin múnla cainte a bheith ar fáil i litríocht aistrithe dheireanach.<sup>42</sup> D’fhéadfadh sé sin a bheith fíor, ach b’fhiú a chur i suim freisin, dar liom, gur mhair fianaise ar an múnla seo, agus é á úsáid go háirithe in uailbhreasa reiligiúnacha i dtéacsanna áirithe atá le fáil i lámhscríbhinní (deireanacha) atá ar marthain fós,<sup>43</sup> agus ba mhaith liomsa a cheapadh gurbh fhéidir gur chuir an fhianaise sin anáil faoi Bhonabhentura Ó hEodhasa agus focail thosaigh na Paidre á n-aistriú aige.

Chloígh Ó hEodhasa leis an modh ordaitheach de na briathra sna trí achainí thosaigh mar a rinne gach aistritheoir Gaeilge eile roimhe, ach amháin Seon Carsuel a chuir an modh foshuiteach (guítheach) chun fónaimh agus aistritheoirí *An Tiomna Nuadh* a rinne aithris air, mar a mheasaim, agus an leagan den Phaidir atá i Soiscéal Lúcaís á aistriú acu.<sup>44</sup> Is é leagan *Liber Flavus* den tríú hachainí, leis an mbriathar ‘déntar ... mar dho-níthear’, ba rogha leis an Eodhasach, murab ionann agus Ó Maolchonaire a roghnaigh ‘bíodh ... mur tá’ mar aithris ar leagan an Leabhair Bhric; ach is é an réamhfhocail ‘ar’ a chuir sé roimh ‘[an] talamh’, mar a rinneadh in *An Tiomna Nuadh* i Soiscéal Mhatha agus Soiscéal Lúcaís araon, seachas ‘i’ mar a rinneadh in *Liber Flavus* agus sa Leabhar Breac agus mar a rinne Carsuel agus Ó Maolchonaire. Arís, sa cheathrú hachainí chuir sé an cuspóir ‘ar n-arán laitheimhail’ roimh an mbriathar ‘tabhair’ le hord na bhfocail a chur ag freagairt d’ord na Laidine a bhí á haistriú aige, faoi mar a rinneadh i leagan *Liber Flavus*, murab ionann agus Carsuel, Ó Maolchonaire, Ó Cearnaigh agus

<sup>41</sup>*Ibid.* 39.1214–1221.

<sup>42</sup>*DIL* s.v. 1 a. Trí shampla a luann siad: ‘a mo anoim/anuim’ in *Desiderius*, 81.2411, 2419, ach ní mór cuimhneamh air gur aistriúchán ar théacs Spáinnise is ea an téacs sin; ‘a mo Shethracha [dísle deaghrádhacha]’ i dtéacs a d’aistrigh An Dubháiltach Mhac Fir Bhisigh (féach E. Knott, ‘An Irish seventeenth-century translation of the Rule of St. Clare’, *Ériu* 15 (1948) 1–187, ag 48, ach gur ‘My dearly beloved Sisters’ atá sa bhunBhéarla; agus an sampla atá i gceist agamsa anseo, ‘A ar nAthair’ (a dtugtar *Parrthas an amma* mar fhoinsé dó, bíodh gurb amhlaidh gur thóg údar an téacs sin, Antoin Gearnon, ó Theagasc Críostaí Uí Eodhasa é), ar féidir a rá faoi (a) gur cuid de théacs é ar cinnte gur mar aistriúchán ar théacs Laidine na Paidre a bhí sé á sholáthar, agus (b) gur ‘Our Father’ is coitianta go mór fada sa Bhéarla, ach go bhfuil leagan Caitliceach amháin de chuid an séú céad déag ina bhfuil ‘O our Father’ (féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, n. 23).

<sup>43</sup>Mar shampla, ‘a mo Nóebrí’, G. Murphy, *Early Irish lyrics*, (Oxford 1956, athchló 1998) 16.2b, ‘a mo díle’, 27.8a; ‘a mo ruire an ríchid ráin’, J. G. O’Keeffe (ed.), *Buile Shuibhne* (Dublin 1931, athchló 1952) § 25.4b

<sup>44</sup>Féach Ó Háinle, ‘The *Pater Noster* in Irish: Reformation texts’, 147, 161.

aistritheoirí *An Tiomna Nuadh* a chloígh, faoi mar a rinneadh i leagan an Leabhair Bhric, leis an ngnáthord focal, briathar → cuspóir; ach murab ionann agus mar a rinneadh i leagan *Liber Flavus*, níor sholáthair sé an forainm iarthagrach ‘é’. Chloígh Ó hEodhasa le leagan *Liber Flavus* den chúigiú hachainí,<sup>45</sup> faoi mar a rinne, a bheag nó a mhór, na haistritheoirí eile ar fad i ndeireadh an séú céad déag agus i dtosach an seachtú céad déag,<sup>46</sup> ach amháin gur chuir sé ‘féin’ mar threise le ‘dár bhféicheamhnaibh’ faoi mar a rinne Ó Cearnaigh agus aistritheoirí *An Tiomna Nuadh* i Soiscéal Mhatha.

Fág mionsonraí, is ionann leagan Uí Eodhasa de na chúig achainí tosaigh den Phaidir agus leagan *Liber Flavus* díobh. Sa séú agus sa seachtú hachainí, áfach, is ar leagan an Leabhair Bhric a rinne sé aithris, i dtaca leis na briathra ach go háirithe: ‘ná léig sinn’ seachas ‘ná fulaing dúinn dul’ sa séú hachainí agus ‘saor’ seachas ‘caomhain’ sa seachtú ceann. Maidir leis an bhfocal *tentatio* sa séú hachainí, rinne sé aithris ar Sheaán Ó Cearnaigh agus ar Fhlaithrí Ó Maolchonaire<sup>47</sup> nuair a chuir sé an focal ‘cathaghadh’ [*sic*] chun fónaimh. Is mar a chéile le leagan an Leabhair Bhric gach leagan den seachtú hachainí sa tréimhse seo, fág an t-alt a bheith ann roimh an bhfocal ‘olc’ i gcuid acu.

Tá an leagan den Phaidir a thugtar achainí ar achainí i dtráchtairacht Uí Eodhasa<sup>48</sup> ar aon dul ar fad leis an leagan aontaithe a thugtar mar théacs, seachas an méid seo: achainí 3, ‘ar talamh’ (an t-alt ar lár); achainí 5, ‘maith dhúinn ar bhfiacha mar mhaithmíd féin dár bhféicheamhnaibh’ (ionad ‘féin’ san abairt athraithe) (ll. 1414–5) ach é ar aon dul leis an mbunleagan i ll. 1444–5); achainí 6, ‘ná léig a ccathaighthibh inn’ (ord na bhfocal athraithe; iolra de ‘cathughadh’ seachas uathu). Dá laghad iad sin mar mhalairtí, fós féin léiríonn siad nach raibh an leagan den Phaidir a bhí breactha ag Ó hEodhasa i dtús an dara cuid de *An Teagas Críosaíde* socair ar fad ina intinn faoi mar a bheadh dá mba nós leis í a rá i nGaeilge seachas i Laidin.

### Tátail

I bhfianaise na leaganacha den Phaidir atá i dTeagas Críostaí Uí Mhaolchonaire agus in *Teagas Críosaíde* Uí Eodhasa is féidir an méid seo a rá:

- Go raibh leaganacha éagsúla den Phaidir ann i ndeireadh an séú céad déag agus i dtosach an seachtú céad déag agus go raibh difríochtaí suntasacha eatarthu;
- Nach raibh aon leagan socair den Phaidir á chleachtadh coitianta sa tréimhse sin ar shlí a d’fhágfadh ceannsmacht aige ar leaganacha eile;
- Go raibh tréithe áirithe de chuid na leaganacha a bhí sa Leabhar Breac

<sup>45</sup>Is é úsáid an bhriathair ‘maithid’ seachas ‘logaid’ a dhealaíonn leagan *Liber Flavus* agus leagan an *Leabhair Bhric* den chúigiú hachainí óna chéile.

<sup>46</sup>Ní bhaineann an leagan den achainí seo i Soiscéal Lúcaís le hábhar anseo mar nach ionann an buntéacs ansin agus i Soiscéal Mhatha.

<sup>47</sup>Féach romham lch. 241

<sup>48</sup>Mac Raghnaill (ed.), *An Teagas Críosaíde*, 38.1184–48.1517.

agus in *Liber Flavus* leith ar leith fós ar marthain i leaganacha éagsúla de chuid na tréimhse atá faoi chaibidil anseo;

- Nach raibh aon leagan socair in intinn ceachtair den bheirt údar seo, agus gur tharraing siad beirt ar leaganacha éagsúla agus an leagan a bhreac siad á gcumadh acu;
- Gur sásúla an rogha a rinne Bonabhentura Ó hEodhasa de eilimintí de chuid leagan an Leabhair Bhric agus leagan *Liber Flavus* leith ar leith ná an rogha a rinne Flaithrí Ó Maolchonaire.

#### *Tionchar An Teagasg Críostaidhe*

Bhí *Teagasg Críostaidhe* Uí Eodhasa ag teacht go maith le riachtanais na hEaglaise Caitlicí in Éirinn faoi mar a léirítear iad i dtreoracha don chléir a d'achtaigh seanaidh Ard Mhacha agus Bhaile Átha Cliath i dtrátha na bliana 1614. Deir an tAth. John Brady:

... in the Acts of the provincial Synod of Armagh in 1614 ... the catechism is visualised as a source-book for instructions ... Four months later, a Synod for the province of Dublin directed each parish priest to possess a catechism or explanation of Christian Doctrine, which he would explain to his congregation each Sunday and holyday ... [The priests] were also commanded to teach the children by way of question and answer, and were reminded that even when casually stopping for a day in the house of any of their flock they were not to neglect to teach to one or other of its inhabitants in the presence of the rest the Creed or Our Father or some point of Christian doctrine.<sup>49</sup>

Is eol gur tugadh cóipeanna den *Teagasg Críostaidhe* isteach in Éirinn faoi choim, ach ní fios cé chomh forleathan a baineadh úsáid as mar nach fios cé mhéad cóipeanna de cheachtar den chéad dá eagrán tosaigh de a cuireadh i gcló.<sup>50</sup> Mar gur foilsíodh an dara heagrán, shílfeá go raibh éileamh sách mór air; agus go deimhin féin i bhfad na haimsire cuireadh an tríú heagrán i gcló sa Róimh sa bhliain 1707, rud a bheadh ag cur ar son na tuairime sin freisin. Chomh maith leis sin, d'fhág sé lorg an-mhór ar an litríocht chráifeach Ghaeilge a foilsíodh ina dhiaidh, mar bhain na húdair seo a leanas ábhar as saothar Uí Eodhasa agus iad ag cur a leabhar i dtoll a chéile: Tiobóid Galldubh (*Catechismus* (An Bhruiséil 1639)), Antoin Gearnon (*Parrthas an anna* (Lobháin 1645)), Seán Ó Dubhlaoidh (*Suim bhunadhasach an Teagaisg Chríostaidhe* (Lobháin 1663)) agus Froinsias Ó Maolmhuaidh (*Lóchrann na gcreidmheach* (An Róimh 1676)).<sup>51</sup> Maidir le bunleagan Uí Eodhasa den Phaidir, is é

<sup>49</sup> 'The catechism in Ireland: a survey', *IER* 83 (1955) 167-76, ag 169.

<sup>50</sup> Mac Raghnaill (ed.), *An Teagasg Críostaidhe*, x.

<sup>51</sup> Féach A. Ó Fachtna O.F.M., 'Cúig Teagaisg Chríostaidhe de'n seachtmhadh aois déag: compráid', in S. O'Brien (ed.), *Measgra i gcuimhne Mhichíl Uí Chléirigh* (Dublin 1944) 188-9.

atá sna leabhair sin ar fad, agus go deimhin i leabhair a foilsíodh san ochtú haois déag freisin: Teagasc Críostaí a cheap an Dr Ó Raghallaigh, ardeaspag Ard Macha, roimh lár an ochtú céad déag;<sup>52</sup> Teagasc Críostaí a d'fhoilsigh Andrew Donlevy i bPáras in 1742; Teagasc Críostaí a d'fhoilsigh James Pulleine in 1782;<sup>53</sup> agus Teagasc Críostaí ó Cho. na Mí a foilsíodh in 1784.<sup>54</sup> Tá sé sna cóipeanna lámhscríofa de na leabhair sin de chuid an seachtú céad déag a grafadh san ochtú is sa naoú céad déag chomh maith, agus tá sé féin le fáil as féin, nó in éineacht leis an leagan fileata den Phaidir as Teagasc Críostaí Uí Eodhasa, i mórán lámhscríbhinní de chuid an seachtú, an ochtú is an naoú céad déag freisin.

Dhiúltaigh Tiobóid Galdubh don leagan 'A ar nAthair' agus chuir 'Ar nAtha[i]r' ina áit,<sup>55</sup> agus rinneadh amhlaidh i mórán mór de na foinsí eile, idir chinn chlóbhuailte is cinn lámhscríofa, atá luaite agam romham, bíodh gur chloígh combhráithre Proinsiasacha Uí Eodhasa, Gearnon, Ó Dubhlaoidh is Ó Maolmhuaidh le leagan Uí Eodhasa. Tá 'ar olc' agus fiú 'ón uile/gach olc' le fáil sa seachtú hachainí i roinnt foinsí freisin. Seachas sin, tá leagan sin Uí Eodhasa den Phaidir le fáil chomh fairsing agus chomh seasmhach sin i leabhair Chaitliceacha agus i lámhscríbhinní go bhfuil gach cosúlacht air gur thabhaigh sé gradam údarásach de shaghas éigin sa traidisiún scríofa. Ní fios ar ndóigh cén leagan nó cé na leaganacha a bhí á m(h)úineadh don phobal ná cén leagan nó cé na leaganacha ba nós le daoine a rá, ach má rinne an chléir rud ar sheanaidh úd Ard Mhacha is Bhaile Átha Cliath, agus má mhúin siad an Phaidir dóibh siúd a bhí faoina gcúram agus má d'úsáid siad leabhar éigin Teagaisc Chríostaí chuige sin, ba dhóigh leat gurb é leagan sin Uí Eodhasa den Phaidir a chaitheadh a bheith á mhúineadh acu.

Chomh fada siar le 1567 (Seon Carsuel) tá fianaise ar an modh foshuiteach (guítheach) a bheith á úsáid in áit an mhodha ordaithigh sna hachainíochas tosaigh de leagan Gaeilge den Phaidir.<sup>56</sup> De réir a chéile bhain an modh foshuiteach an ceannsmacht amach, agus in aistriúchán a rinne Sylvester Lloyd O.F.M., easpag Chill Dalua, ar *The Douay Catechism*, agus a foilsíodh sa bhliain 1738,<sup>57</sup> tá leagan den Phaidir arb é atá ann leagan Uí Eodhasa leis an modh foshuiteach curtha in áit an

<sup>52</sup>Luaitear dátaí éagsúla sa chéad leath den ochtú céad déag le foilsíú an leabhair seo, ach soláthraíonn an tAth. Pádraig Ó Súilleabháin O.F.M. fi anaise gurbh fhéidir gur roimh 1727, tráth a raibh Mícheál Ó Raghallaigh fós ina shagart paróiste sa Chabhán, a foilsíodh é ('Roinnt caiticeasmaí Gaeilge', *Éigse* 11 (1964–66) 113–15, ag 113), ach tharlódh, dar liom, nár foilsíodh an leabhar i gcló an uair sin ach gur scaipeadh cóipeanna lámhscríofa de.

<sup>53</sup>Ní fi os cén áit ar cuireadh an Teagasc Críostaí seo i gcló.

<sup>54</sup>Teagasc Críostaí é seo a dhíol Miss Everard, Navan. Tá sé cláraithe sa Leabharlann Náisiúnta mar Butler Catechism, ach ní hé Teagasc Críostaí an Dr Butler atá ann.

<sup>55</sup>*Catechismus*, 40.

<sup>56</sup>Féach romham lch. 246.

<sup>57</sup>Féach Ó Súilleabháin, 'Roinnt caiticeasmaí Gaeilge', 114.

mhodha ordaithe sna trí achainí thosaigh,<sup>58</sup> agus bíodh gur tháinig leaganacha eile ar an bhfód ó am go chéile freisin, is é an leagan sin Uí Eodhasa-Lloyd an leagan is mó atá tar éis aitheantas a fháil ón Eaglais Chaitliceach in Éirinn agus a bhfuil seasamh ‘oifigiúil’ aige le fada anois. Tréith de chuid an téacs chlasaiceach is ea an bhuaine, agus leagan clasaiceach den Phaidir is ea leagan sin Uí Eodhasa, dá réir sin. Ní mór a aithint, áfach, dá fheabhas é mar leagan, nach é a fheabhas amháin ba chúis lena bhuaine, ach go raibh baint mhór ag Proinsiasaigh éagsúla le cothú an leagain sin freisin: Ó hEodhasa féin, ar ndóigh, agus fiú Ó Maolchonaire, chomh maith le Gearnon, Ó Dubhlaoich, Ó Maolmhuaidh agus Lloyd.

CATHAL G. Ó HÁINLE

*Coláiste na Tríonóide*

<sup>58</sup>Sa chéad achainí is iad ‘Ar nAthair’ na focail thosaigh, agus sa cheathrú hachainí tá an abairt de réir ghnáthord na Gaeilge, briathar → cuspóir.